An Coimisiún Eorpach

# BUISÉAD AE DON TODHCHAÍ

2 Bealtaine 2018

# AN CHOMHARSANACHT AGUS AN DOMHAN

## CÉN FÁTH A BHFUIL TOSAÍOCHT Á TABHAIRT DON RÉIMSE SEO?


Tá an tAontas Eorpach ar an deontóir is mó ar domhan de chúnamh forbartha agus is é an príomhpháirtí trádála agus an príomhinfheisteoir coigríche é ag beagnach gach tír ar domhan. Mar go mbíonn an tAontas ag cur na síochána agus na cobhsaíochta chun cinn agus go mbíonn luachanna agus rialacha an Aontais á n-úsáid ag tíortha eile, tá an iliomad dúshlán agus deiseanna roimhe sa domhan seo atá ag éirí níos casta agus níos idirnasctha. Bíonn tionchar dearfach ar rath an Aontais Eorpaigh ag an rath agus an tsíocháin a bhíonn ann i gcomharsanacht an Aontais.

Cabhraíonn buiséad AE leis an Aontas a thosaíochtaí a chur i bhfeidhm ar fud an domhain, dúshláin a fhreagairt agus deiseanna a thapú agus a chuid leasanna a chur chun cinn ar fud an domhain, lena n-áirítear trí réitigh iltaobhacha. Leis an mbuiséad nua fadtéarmach déanfar nuachóiriú mór ar an ngné sheachtrach den bhuiséad. Cuirfidh sé le héifeachtacht agus le hinfheictheacht bheartais sheachtracha an Aontais, neartóidh sé an comhordú a dhéantar ar bheartais inmheánacha agus beidh an tsolúbthacht ag an Aontas Eorpach déileáil níos luaithe le géarchéimeanna agus dúshláin nua.

## CAD A CHIALLAÍONN SIN Ó THAOBH COSTAIS DE?

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún infheistíocht bhreise 26 % a dhéanamh sna bearta seachtracha le go mbeidh €123 bhilliún ar fáil do bhuiséad fadtéarmach an Aontais. Lena chois sin, déanfar athstruchtúrú mór ar na hionstraimí atá ag an Aontas maidir le bearta seachtracha le go mbeidh comhleanúnachas níos fearr ann, agus déanfar éifeachtacht an chomhair a fhorbairt, próisis a shimpliú agus barainneachtaí scála a úsáid.

**Infheistíocht i mbearta seachtracha an Aontais Eorpaigh sa chomharsanacht agus níos faide i gcéin agus cúnamh le haghaidh tíortha atá á n-ullmhú féin chun ballraíocht a bhaint amach san Aontas**



# GNÉITHE NUA ATÁ SNA TOGRAÍ ÓN GCOIMISIÚN

- Déanfar **nuachóiriú mór** ar an 'gné sheachtrach' den bhuiséad chun cur lena éifeachtacht agus lena infheictheacht.
- Tá an chuid is mó de na hionstraimí atá ann cheana curtha le chéile in **aon ionstraim amháin maidir leis an gcomharsanacht, an fhorbairt agus an comhar idirnáisiúnta**, ionstraim a mbeidh cuimsiú domhanda aici.
- Déanfar an struchtúr airgeadais a shimpliú tuilleadh tríd an g**Ciste Eorpach Forbraíochta** a chuimsiú i mbuiséad an Aontais.
- Beidh an méid seo a leanas san Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta:

  - **Colún geografach** ('caidreamh le comhpháirtithe') a chlúdóidh an comhar cláreagraithe le tíortha sa chomharsanacht agus le tíortha eile nach bhfuil san Aontas Eorpach. Déanfar leithdháileadh an bhuiséid a roinnt de réir réigiúin gheografaigh, go mór mór i gcás thíortha na comharsanachta agus na hAfraice.
  - **Colún téamach** ('spriocanna coiteanna a bhaint amach') ina dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna domhanda agus/nó tionscnaimh shuaitheanta pholaitiúla.
  - **Colún mearfhreagartha** le haghaidh géarchéimeanna a bhainistiú, coinbhleachtaí a chosc agus an bhuanseasmhacht a fhorbairt.
  - **Cúlchiste solúbthachta** le haghaidh tosaíochtaí práinneacha atá ann cheana nó a thiocfaidh chun cinn. Is é is príomhchuspóir don chúlchiste seo déileáil leis na brúnna a chruthaíonn an imirce, ach beidh tosaíocht freisin ag riachtanais chobhsaíochta agus slándála, tarluithe neamhintuartha, agus tionscnaimh agus tosaíochtaí nua idirnáisiúnta.
  - Fágfaidh **struchtúr nua infheistíochta** go bhféadfar acmhainní breise ó dheontóirí eile agus ón earnáil phríobháideach a charnadh, rud ar dul chun cinn é ar an bPlean Eorpach Infheistíochta Seachtraí agus ar an gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe atá sa phlean sin.




# CAÍONNA EILE A NDÉANFAIDH AN BUISÉAD NUA DIFEAR SA RÉIMSE SEO

**An Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais**:
- tabharfar tacaíocht do thíortha is iarrthóirí agus do thíortha is iarrthóirí ionchasacha agus iad ar a ndícheall ar na critéir aontachais a shásamh.


**An Ionstraim maidir le Cabhair Dhaonnúil**:
- cuirfear cúnamh ar fáil de réir riachtanas chun beatha daoine a shábháil agus a chosaint, fulaingt daoine a chosc agus a laghdú, agus ionracas agus dínit na bpobal sin a ndearna tubaistí nádúrtha nó géarchéimeanna de dhéantús an duine dochar dóibh a chosaint.

**Buiséad an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála**:
- tabharfar aghaidh ar choinbhleachtaí agus ar ghéarchéimeanna seachtracha, déanfar acmhainní comhpháirtithe a fhorbairt agus cosnófar an tAontas Eorpach agus na saoránaigh.

**An Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear**:

- leanfar de na rialacha agus na nósanna imeachta a mhionsonrú maidir le comhlachú an Aontais le tíortha agus críocha thar lear, an Ghraonlainn san áireamh.

## Ionstraimí geografacha atá ann faoi láthair




## Ionstraimí geografacha atá beartaithe




## NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

- **02/05 2018** — **Pacáiste maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2020**
- **14/06 2018** — **Tograí reachtacha earnála maidir le cláir chaiteachais**
- **28-29/ 06/2018** — An Chomhairle Eorpach
- **12/09 2018** — **Aitheasc an Uachtaráin Juncker faoi Staid an Aontais**
- **18-19/ 10/2018** — An Chomhairle Eorpach
- **13-14/ 12/2018** — An Chomhairle Eorpach
- **21-22/ 03/2019** — An Chomhairle Eorpach
- **09/05 2019** — Cruinniú Mullaigh Sibiu

Print ISBN 978-92-79-84597-0 doi:10.2775/185685 NA-02-18-463-GA-C
PDF ISBN 978-92-79-84598-7 doi:10.2775/944795 NA-02-18-463-GA-N